# Súil siar

**a.** Éist le Rónán agus Deirbhile ag cur síos ar na scileanna atá/nach bhfuil acu agus líon an ghreille isteach trí ✔ nó **x** a chur sa bhosca cuí.

| **Scil** | **Rónán** | **Deirbhile** | **Tú féin** | **Do pháirtí** |
|---|---|---|---|---|
| Fraincis | | | | |
| Béarla líofa | | | | |
| Gaeilge líofa | | | | |
| Tiomáint | | | | |
| Ceol | | | | |
| Scileanna ríomhaireachta | | | | |
| Clóscríobh | | | | |
| Snámh | | | | |

**b.** Líon an ghreille isteach fút féin.

**c.** Cuir ceisteanna ar do pháirtnéir, atá in aice leat, an bhfuil na scileanna ar an mbileog aige agus líon isteach an ghreille faoi.

**d.** Scríobh cúpla abairt an-simplí faoi na scileanna atá ag an duine ar labhair tú leis.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**e.** Cum 6 abairt faoi Rónán agus faoi Dheirbhile. Cum abairtí atá fíor agus bréagach. Léigh amach do do pháirtnéir iad. Beidh air éisteacht leat agus *fíor* nó *bréagach* a rá. Má thugann sé an freagra ceart abair: *Maith tú!* ach má thugann sé an freagra mícheart abair: *Mícheart, éist arís* agus léigh an abairt arís dó.

**1.** ________________________________________

**2.** ________________________________________

**3.** ________________________________________

**4.** ________________________________________

**5.** ________________________________________

**6.** ________________________________________

# Súil siar
# Rónán agus Deirbhile

**Éist arís le Rónán agus Deirbhile ag cur síos ar na scileanna atá acu.**

**Léigh an script agus tú ag éisteacht leo ag caint.**

**Rónán:** Tá orm ríomhaire a úsáid san obair agus mar sin tá scileanna maithe ríomhaireachta agam agus clóscríobh. Tá tiomáint agam ar ndóigh freisin. Is ball de theaghlach ceolmhar mé agus seinnimid ar fad ceol; mé féin seinnim an pianó agus tá mo dheirfiúr Máire go maith ar an ngiotár. Teangacha? Bhuel, tógadh le Gaeilge mé, mar sin tá Gaeilge agus Béarla líofa agam. Níl Fraincis ar bith agam – is dóigh liom go bhfuil sí ródheacair mar theanga.

**Deirbhile:** D'fhoghlaim mé Gaeilge ar scoil - tá go leor Gaeilge agam, is dócha, ach níl sí chomh líofa le mo chuid Béarla. Tá beagán Fraincise agam agus is breá liom an teanga. Téim ag snámh cúpla uair sa tseachtain, is aoibhinn liom é. Is maith liom ceol ach níl bua an cheoil agam faraor. Scileanna ríomhaireachta? Cinnte, tá sé an-éasca ríomhaire a úsáid nuair a bhíonn cleachtadh agat air.